

# Féidearthachtaí as Cuimse a Fhíorú

Rún Straitéiseach  
2030



# Is muidne OT Baile Átha Cliath

Ag tógáil ar stair ar leith, tá muid bródúil as a bheith mar chéad ollscoil teicneolaíochta na hÉireann, OT Baile Átha Cliath - ollscoil spreagúil ina dtagann na healaíona, na heolaíochtaí, an gnó, an innealtóireacht agus an teicneolaíocht le chéile. Bíonn ár 28,000+ mac léinn uaimhianach, ó phrintiseacht go PhD, i mbun foghlama i dtimpeallacht atá bunaithe ar chleachtas; tá sé mar aidhm ag ár dtaighde atá dírithe ar thionchar, maitheas a dhéanamh do phobail, don tsochaí agus don eacnamaíocht; agus tá an nuálaíocht agus an fhiontraíocht ag croílár gach rud a dhéanaimid.

Tá muid thar a bheith leabaithe inár gceantar le campais ag OT Baile Átha Cliath i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, i mBaile Bhlainséir agus i dTamhlacht agus, trínár bplean forbartha bonneagair mór, táimid ag infheistiú níos mó ná €500 milliún faoi láthair sna háiseanna is úire ann, cumasaithe do theicneolaíocht, chun taithe ár gcuid mac léinn a fheabhsú.

Tacaíonn OT Baile Átha Cliath, mar cheannaire ar dhisciplíní STEM, leis na cohóirt mac léinn is mó i réimsí an ghnó, na meán, na n-ealaíon cócaireachta, agus na n-ealaíon cruthaitheach agus taibhiúcháin. Táimid páiseanta faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus, mar an soláthraí oideachais páirtaimseartha is mó, tacaíonn muid ar bhealach suntasach le saol eacnamaíoch na hÉireann, rud a chumasaíonn tógáil acmhainní don todhchaí.

Is ceannródaithe iad ár gcuid taighdeoirí agus nuálaithe mór le rá i bhfionnachtain eolaíochta agus teicneolaíochta; agus ról gníomhach acu maidir le beartas agus caighdeán a threorú; agus a chuireann le saol cruthaitheach na hÉireann. Tá ár ngníomhaíocht aistrithe teicneolaíochta agus cothaithe gnó a bhfuil duaiseanna bainte amach aici tar éis breis agus 400 gnó inbhuanaithe nua le luach eacnamaíoch beagnach € 700 milliún a sholáthar.

Le dearcadh idirnáisiúnta, cuireann muid fáilte roimh mhic léinn agus baill foirne ar fud an domhain agus soláthraíonn ár gcuid comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta láidre deiseanna do chlár mhalartaithe, mórthionscadaíl taighde tras-chomhoibrithe, agus deiseanna fostaíochta dár gcuid mac léinn is ball foirne. Táimid thar a bheith bródúil as ár líonra de 100,000+ céimí de chuid OT Baile Átha Cliath atá ag saothrú leo i ngairmeacha anseo in Éirinn agus i 70 tír ar fud an domhain.

Tá todhchaí iontach á pleanáil ag OT Baile Átha Cliath agus í anois i measc na n-ollscoileanna teicneolaíochta eisceachtúla ar fud an domhain ....

## Féidearthachtaí as Cuimse

# Domhan casta. Domhan atá ag athrú. Domhan ina bhfuil féidearthachtaí as cuimse.

Tá OT Baile Átha Cliath ag tosú ar thuras spreagúil i dtreo 2030 agus tugaimid cuireadh duit teacht linn chun gur féidir linn domhan níos fearr a chruthú le chéile.

Mairimid i ré teicneolaíochta atá bunathraitheach amach is amach. Níor athraigh an teicneolaíocht, an tsochaí agus geilleagracha an domhain chomh tapa riamh. Tá a fhios againn go mbeidh saol ár gcuid mac léinn, ár gcuid céimithe agus ár gcuid ball foirne an-éagsúil ón saol atá acu inniu. Mar sin, ní mór don ardoideachas forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh chun tacú le daoine agus le pobail, a bheith ábhartha i gcónaí agus fíorthionchar a bheith aige ar an domhan.

Tá sé mar dhúshlán againn ár gcéimithe a ullmhú le go mbeidh siad ina ndaoine ildánacha, ina smaointeoirí neamhspleácha, ina bhfoghlaimoírí ar feadh an tsaoil agus le go mbeidh siad in ann dul in oiriúint don saol athraitheach seo agus ról a ghlacadh i gcúinsí nach bhfuil ann go fóill.

Agus muid ag forbairt ár straitéis d'OT Baile Átha Cliath agus inár gcainteanna le os cionn 2500 páirtí leasmhar, bhreathnaíomar ar na dúshláin atá romhainn ó thaobh Spriocanna Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe (SDGanna). Tá roinnt réimsí comhchúraim nach mór dúinn díriú isteach orthu tar éis teacht chun cinn. Mar thoradh air sin, tá plean curtha le chéile againn chun tabhairt faoinár dtasc, plean atá bunaithe ar na trí théama ghaolmhara seo a leanas - **Daoine, Domhan** agus **Comhpháirtíocht**.

Tacaithe ag príomhchuspóir de chuid na SDGanna, '**Ardchaighdeán san Oideachas**', cuirfidh na trí théama sin bonn eolais faoin gcur chuige atá againn maidir le cleachtais oideachasúla, taighde agus rannpháirtíochta, ag cinntiú go ndéanann OT Baile Átha Cliath athrú, nuálú agus tionchar atá suntasach a sheachadadh don tsochaí. Cruthóimid líonra foghlama de réir a chéile ag nascadh lenár gcuid comhpháirtithe ar fud an domhain chun ár mbealach chun na fionnachtana a fheabhsú.

Tá súil againn go dtiocfaidh tú linn ar an eachtra seo ina mbeidh féidearthachtaí as cuimse ar fáil



David FitzPatrick, Uachtarán



# Domhan Níos Fearr a Chruthú le Chéile

Tá sé mar ról ag OT Baile Átha Cliath oibriú le páirithe leasmhara – ár gcuid mac léinn, ár gcuid ball foirne, pobail, tionscal agus rialtais – chun réiteach a fháil ar roinnt de na fadhbanna is práinní atá roimh an domhan comhaimseartha agus leas a bhaint as na deiseanna a thagann chun cinn. Is í an fhís atá againn **‘Domhan Níos Fearr a Chruthú le Chéile’**.

Is iad **Daoine**,  
**Domhan** agus  
**Comhpháirtíocht**  
trí phríomhthéama  
na straitéise atá  
againn.

## Daoine -

### Buanna Daoine a Chothú i nDomhan atá ag Síorathrú

– tá sé ar intinn againn samhlaíocht ár gcuid mac léinn, ár gcuid ball foirne agus ár gcuid comhpháirthe a ghríosú agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine teacht ar a gcuid buanna agus a gcumas iomlán a bhaint amach



## Domhan -

### Lárionad Cumhachta don Inbhuanaitheacht Bheomhar

– tá sé i gceist againn dul i ngleic leis na dúshláin atá os comhair an domhain agus tionchar dearfach a bheith againn ar an domhan agus ar dhaoine, ag úsáid an oideachais mar uirlis



## Comhpháirtíocht -

### Comhthionchar a Sheachadadh

– tá sé i gceist againn a bheith mar an ollscoil is comhcheangailte dá bhfuil ann – ag cothú líonra fionnachtaithe, cruthaitheoirí agus fiontraithe – ag dul i dteagmháil le tionscnóirí na sochaí.



I gcomhthéacs ár rún straitéiseach suas go dtí 2030, déantar achoimre de na príomhthosaíochtaí atá taobh thiar de gach ceann de na trí phríomhthéama sin. Déantar garspriocanna don chéad trí bliana eile a leagan síos, garspriocanna a fheagraíonn dár bplean straitéiseach suas go dtí 2023.

# Daoine



## Ár nUaillmhian

Buanna Daoine a Chothú i nDomhan atá ag Síorathrú

Tá cultúr againn ina thugtar aire do dhaoine, ina gcuirtear ar fáil spás inar féidir smaointeoireacht, caidreamh agus forbairt phearsanta an duine a spreagadh. Tá an timpeallacht ina bhfuilimid ag obair, ag maireachtáil agus ag sóisialú ag athrú as cuimse de bharr luas tapa na forbartha teicneolaíochta. Táimid tiomanta do dheiseanna oideachasúla bunathraitheacha a chruthú a spreagann, a fhorbraíonn agus a thacaíonn le daoine a gcumas iomlán a bhaint amach. Tríd an gcur chuige seo a ghlacadh, táimid ag cur oideachas ar dhaoine ionas gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair an domhain agus dul i ngleic leis na dúshláin sin ar bhealaí atá cruthaitheach agus tomhaiste.



# Déanfaimid é sin trí:

## Ag Cruthú Cosáin Oideachais do Gach Duine

Táimid tiomanta do dheiseanna oideachais ar feadh an tsaoil a sholáthar ag gach leibhéal:

- Ag cur ar fáil agus ag cur chun cinn bealaí isteach agus cosáin oideachais shoiléire do gach duine
- Ag cinntiú go mbíonn solúbthacht sa struchtúr, modh 7 áit ina chuirtear oideachas ar fáil chun go mbeidh an t-oideachas sin oiriúnach don timpeallacht dhomhanda athraithigh
- Deiseanna foghlama ar feadh an tsaol atá spriocdhírthe agus ábhartha a chur ar fáil dár bpobal, don tionscal agus don tsochaí i gcoitinne

## An Dúil a bheith Rathúil a Chur Chun Cinn

Táimid tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh i dtimpeallacht thacaíoch atá dírithe ar dhaoine:

- Foireann ardchumais agus éagsúil a mhealladh agus a choinneáil, agus an fhoireann sin a spreagadh go barr a gcumais
- Straitéis chumarsáide agus rannpháirtíochta a fhorbairt a chruthaíonn meon comhchuspóireach agus muinín fhrithphárteach, agus a thacaíonn leis an bhfoireann agus le mic léinn barr a gcumais a bhaint amach

## Meonta Éirimiúla, Cruthaitheacha 7 Uaillmhianacha a Chothú

Táimid tiomanta do shamhail nua san oideachas a fhorbairt:

- Samhail oideachais atá bunaithe ar thaighde 7 cleachtas a shamhlú, a fhorbairt agus a sheachadadh, samhail a chuireann chun cinn barr feabhais san oideachas agus a chinntíonn go bhforbróidh an t-oideachas a thugtar inniu na tréithe agus cumas atá riachtanach don saol atá amach romhainn

## Áit a Chruthú don tSamhlaíocht 7 don Ionspioráid

Táimid tiomanta d'áit a chruthú inar breá le daoine a bheith ag obair 7 ag foghlaim:

- Áit a bhfuil bród ar dhaoine páirt a ghlacadh i bpobal nasctha beomhar bisiúil
- Áit a thugtar tacaíocht don chomhionannas, don éagsúlacht agus don ionchuimsitheacht do chách
- Áit a thacaíonn na struchtúir 7 cleachtais le tallann, dúthracht 7 tiomantas ár bpobal
- Timpeallacht champais den chéad scoth a chothaíonn an fhionnachtain, an chruthaitheacht, an chomhcheangailteacht shóisialta agus an fholláine

## Ag Ceiliúradh ár nAmbasadóirí

Táimid tiomanta d'aitheantas a thabhairt dár Alumni, cibé cúlra atá acu:

- Nascadh agus comhoibriú le Alumni chun braistint chomhuintearais a choinneáil idir bhaill chlann OT Baile Átha Cliath i gcoitinne
- Ardán agus aitheantas a thabhairt d'Alumni OT Baile Átha Cliath agus a bhfuil bainte amach acu

# Daoine



## Tosaíochtaí

Meonta Éirimiúla,  
Cruthaitheacha 7  
Uaillmhianacha a  
Chothú

Cosáin  
Oideachais atá  
Inrochtana do  
Chách

Áit a Chruthú don  
tSamhlaíocht 7 don  
Ionspioráid

**Buanna  
Daoine a  
Chothú i  
nDomhan atá  
ag Síorathrú**

An Dúil a bheith  
Rathúil a Chur  
Chun Cinn

Ag Ceiliúradh ár  
nAmbasadóirí

# Rún Straitéiseach – Cuspóirí Straitéiseacha (2030) 7 Garspriocanna Straitéiseacha (2023)

## Cuspóirí 2030

Déanfar samhail nua oideachais atá bisiúil, a tháirgeann na céimithe a bhfuil inniúlacht dhigiteach acu agus a bhfuil an-tóir orthu, a leabú san ollscoil, rud a athróidh na deiseanna agus an t-eispéireas foghlama ó bhun do chách

Beimid ar an ollscoil is ‘inrochtana’ in Éirinn, leis an líon is mó foghlaimeoirí éagsúla

Aithneofar sinn mar eiseamláir don chomhionannas, don éagsúlacht agus don ionchuimsitheacht (EDI), áit a mbeidh bród ar dhaoine páirt a ghlacadh i bpobal comhcheangailte ina mbeidh tionchar a dtallann, a n-inniúlachtaí agus a solúbthacht le brath ar an ardán domhanda

Cuirfidh an dearadh agus an infheistíocht a dhéanfar i 200,000+ m2 chun spás nua campais a fhorbairt timpeallacht foghlama den chineál is úire ar fáil

Bainfidh amach agus forbróimid foireann den scoth, ag teacht le OTanna Idirnáisiúnta, foireann a glacann páirt ghníomhach i gcomhchuspóir na hOllscoile

Déanfaimid ár gclann chomhcheangailte céimithe an-rathúla, a bhfuil an-tóir orthu go hidirnáisiúnta a leathnú amach agus a cheiliúradh

## Garspriocanna 2023

Cuirfear samhail nua oideachais a chuireann chun cinn barr feabhais acadúil i bhfeidhm agus beidh OT Baile Átha Cliath mar cheann den 3 ollscoil Éireannach is fearr ó thaobh infhostaitheacht a céimithe

Cuirfear ar fáil 1/3 dár gcúrsaí trí chosáin oideachais ilchineálacha; beidh ár gcóimheas éagsúlachta sa dheicil is airde go náisiúnta agus beimid mar an soláthraí is mó foghlama ar feadh an tsaoil don tionscal 7 do na gairmeacha

Próifíl na foirne 7 na mac léinn a fheabhsú ag teacht lenár n-uaimhian EDI, lena n-áirítear an dámhachtain Athena Swan a bhaint amach agus 20% den fhoireann a bheith idirnáisiúnta; cur i bhfeidhm cairt foirne a thacaíonn le dúthracht 7 tiomantas ár ndaoine

Seachadadh 2/3 de na forbairtí bonneagair sa champas atá beartaithe mar chuid de mháistirphlean na hollscoile

Tógfaimid foireann den scoth, arna tacú ag rannpháirtíocht foirne 7 clár forbartha cuimsitheacha

Méadóimid an teagmháil atá againn le Alumni, ionas go mbainfidh 1/3 daoibh páirt sa líonra Alumni - trí chumarsáid spriocdhíritha a dhéanamh; clár gníomhaíochta idirnáisiúnta níos leithne agus aitheantas a thabhairt do rath Alumni

# Domhan

## Ár nUaillmhian

Lárionad Cumhachta don  
Inbhuanaitheacht Bheomhar

Tá OT Baile Átha Cliath suite go maith chun tionchar suntasach a bheith aici ar na hathruithe atá ag teacht ar an tsochaí. Beimid inár gceannaire agus inár nguth don inbhuanaitheacht, do mhodh maireachtála agus oibre nua agus tomhaiste, modh maireachtála a chosnaíonn ár bplainéad do na glúnta atá le teacht. Oibreimid le páirithe leasmhara chun réiteach a fháil ar chuid de na fadhbanna is práinní ar domhan agus rachaimid i ngleic leis na fadhbanna sin ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

# Déanfaimid é sin trí:

## Saoránaigh dhomhanda fhreagracha a chruthú

Táimid tiomanta d'fhoghlaim 7 cruthú faisnéise a éascú, an uailmhian agus an dúil don inbhuanaitheacht a spreagadh: -

- Oideachas a chur ar fáil do gach foghlaimeoir; oideachas a chothaíonn meon na hinbhuanaitheacha iontu agus a spreagann iad chun clár gnó na hinbhuanaitheachta a chur chun cinn
- Na foghlaimeoirí ar fad, ag gach leibhéal, a chur i mbun taighde bunaithe ar chleachtas

## Bheith inár nEiseamláir don Inbhuanaitheacht

Táimid tiomanta d'fheasacht agus tuiscint an phobail a ardú faoin inbhuanaitheacht: -

- Comhrá poiblí a spreagadh agus tionchar a bheith againn ar fhorbairt beartais i gcomhpháirtíocht le smaointeoirí ceannasacha
- Ardán a thabhairt do shaotharlann bheo inbhuanaitheachta comhshaoil i gceann de na hollscoileanna is inbhuanaithe ar domhan
- Na meonta is éirimiúla a chothú agus faisnéis/saineolas taighde a roinnt a chuireann bonn eolais faoi ghníomhaíochtaí chun an inbhuanaitheacht a bhaint amach

## Dul i ngleic le Dúshlán Dhomhanda

Táimid tiomanta do thuiscint dhomhain agus réitigh nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an domhain: -

- Taighde ildhisciplíneach a chothú chun tionchar domhanda a bhaint amach
- Caidreamh a bhunú le cruthaitheoirí agus líonraí domhanda chun mais chriticiúil faisnéise 7 tuisceana a thógáil
- Tionscadail taighde a fhorbairt leis an tionscal/an bpobal - ag aistriú faisnéise isteach i dtorthaí inbhraite

# Domhan

## Tosaíochtaí

Bheith inár  
nEiseamláir don  
Inbhuanaitheacht

Saoránaigh  
dhomhanda  
fhreagracha a  
chruthú

Dul i ngleic  
le Dúshláin  
Dhomhanda

Lárionad  
Cumhachta don  
Inbhuanaitheacht  
Bheomhar

# Rún Straitéiseach – Cuspóirí Straitéiseacha (2030) 7 Garspriocanna Straitéiseacha (2023)

## Cuspóirí 2030

Beimid inár gceannairí maidir leis an bpobal a chur ar an eolas faoin díospóireacht phoiblí faoin inbhuanaitheacht, ag spreagadh feasachta agus gníomhú ar son na hinbhuanaitheachta

Aithneofar sinn as an tiomantas atá againn do ghníomhú ar son na hinbhuanaitheachta, ag laghdú ár lorg carbóin agus ag comhlíonadh caighdeán inbhuanaithe amhail STARS ®

Beidh glúin nua chéimithe OT Baile Átha Cliath ina gceannairí ar an gclár gnó inbhuanaitheachta agus oibreoidh siad go dúthrachtach agus go diongbháilte

Tabharfar aitheantas dár bpobal taighde go hidirnáisiúnta i 5 phríomhréimse taighde

Beidh cáil orainn as faisnéis nua a chruthú agus as réitigh thráthúla 7 phraiticiúla a fhorbairt a thugann aghaidh ar na SDGanna

## Garspriocanna 2023

Cuirfear feachtas ardú feasachta i bhfeidhm, arna thacú ag clár imeachtaí a nglacfaidh smaointeoírí agus taighde ceannasacha idirnáisiúnta páirt iontu

Beimid i measc na hollscoileanna is fearr in Éirinn ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, agus tabharfar aitheantas dó sin trí Ghradam na gCampas Glas

Beidh an inbhuanaitheacht mar thoradh foghlama ag gach clár agus glacfaidh gach foghlaimeoir páirt i dtaighde bunaithe ar chleachtas

Glacfaimid páirt ghníomhach sna líonraí ábhartha domhanda; fásfaidh ár ngníomhaíochtaí taighde agus beidh siad dírithe ar 5 phríomhréimse, ag cur ar fáil torthaí taighde go cothrom sa chúig réimse

# Comhpháirtíocht



## Ár nUaillmhian

### Comhthionchar a Sheachadadh

Tá OT Baile Átha Cliath gar d'anam sochaí atá faoi bhláth. Táimid an-ghníomhach inár n-iarrachtaí daoine a comhcheangal, le go roinnfidís ábaltachtaí, go nascaidís smaointe, go gcruthóidís sinéirgí agus go n-aimseoidís deiseanna. Déanaimid iarracht mhór ár gcomhpháirtíochtaí ar fud an domhain a mhéadú agus a dhoimhniú, ar an tuiscint go ndéanfar fadhbanna móra an lae inniu a réiteach le chéile. Is é **'Is Féidir Linn, Déanfaimid, Déanaimid'** an cur chuige atá againn.



# Déanfaimid é sin trí:

## Líonra Dlúth

Táimid tiomanta do rudaí nua a thionscnamh trínár bhfuinneamh agus samhlaíocht a chur i bhfeidhm orthu i ndlúthchomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara:-

- Líonra foghlama agus fionnachtana a chruthú de réir a chéile a bhainfidh leas as sinéirgí agus a chomhlíonfaidh comhchuspóirí
- Caidreamh a bhunú lenár líonra dlúth chun deiseanna foghlama ar feadh an tsaol a mhéadú; cláir ghnó chomhthaighde a spreagadh agus tacú le seachadadh réitigh chruthaitheacha atá inbhraite sa saol réadúil

## Éifeachtacht Eagraíochtúil

Táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil oibríochtaí na hollscoile inbhuanaithe agus fiontraíoch: -

- Glacadh go fonnmar le hoibríochtaí agus próisis nuálacha chun solúbthacht a bhaint amach
- Cur chuige fiontraíochta a ghlacadh chugainn féin chun acmhainní a chur ar fáil ar mhaithe le héifeachtúlachtaí agus éagsúlacht ioncaim a mhéadú agus fás 7 tionchar a chistiú sa todhchaí
- Dearadh eagraíochtúil a sheachadadh atá oiriúnach d'ollscoil nua-aimseartha atá freagrúil go cultúrtha agus go struchtúrach
- Ollscoil atá nasctha le teicneolaíochtaí a chruthú, rud a chuirfidh feabhas ar eispéireas na mac léinn agus a thacóidh le cuíchóiriú na faisnéise 7 na n-oibríochtaí

## Eolaíocht Oscailte, Nuálaíocht Oscailte, a bheith Oscailte ar an Domhan

Táimid tiomanta d'fhaisnéis a fhorbairt 7 a roinnt go hoscailte, ag cruthú sinéirgí le comhpháirtithe chun an oiread tionchar agus is féidir a bheith againn: -

- Timpeallacht inarb é an eolaíocht oscailte an gnáthrud
- Tacú lenár n-éiceachóras nuálaíochta agus ár gcomhoibrithe fiontraíochta a dhoimhniú chun líon na dteicneolaíochtaí nua, na dtáirgí nua agus na ngnólachtaí nua a cruthaítear a mhéadú

## Dearcadh Domhanda a bheith againn

Táimid tiomanta don chuspóir ollscoil teicneolaíochta dhomhanda a dhéanamh de OT Baile Átha Cliath: -

- Cur le branda OT Baile Átha Cliath ionas go n-aithneofar sinn go hidirnáisiúnta mar ollscoil teicneolaíochta ardfheidhmíochta
- An t-idirnáisiúnú a leabú i ngach gné d'OT Baile Átha Cliath
- Comhoibriú le príomhchomhpháirtithe straitéiseacha náisiúnta 7 idirnáisiúnta a spreagadh chun ár dtionchar a leathnú amach, rochtain a fháil ar chleachtas idirnáisiúnta agus ár gcumas oideachais 7 taighde a fheabhsú

# Comhpháirtíocht

A man and a woman are shown in profile, facing each other in what appears to be a meeting or collaborative work environment. The background wall is covered with various sticky notes and documents, some of which contain handwritten text like 'Grad 2020' and 'PASSION'. The overall image has a blue-tinted, semi-transparent overlay.

## Tosaíochtaí

Eolaíocht Oscailte,  
Nuálaíocht Oscailte,  
a bheith Oscailte ar  
an Domhan

Líonra Dlúth

Dearcadh  
Domhanda  
a Bheith  
Againn

Éifeachtacht  
Eagraíochtúil

## Comhthionchar a Sheachadadh

# Rún Straitéiseach – Cuspóirí Straitéiseacha (2030) 7 Garspriocanna Straitéiseacha (2023)

## Cuspóirí 2030

Beimid mar ollscoil atá oscailte don nuálaíocht – ag tacú le agus ag fás ár n-iarrachtaí cruthaitheacha 7 fiontraíochta

Beidh ár líonra nasctha bríomhar bunaithe go daingean agus beidh cáil air do na réitigh inbhraite a chuireann sé ar fáil don saol nithiúil

Aithneofar OT Baile Átha Cliath go hidirnáisiúnta mar ollscoil teicneolaíochta ardfheidhmíochta

Beidh ár ngíomhaíochtaí agus comhpháirtithe idirnáisiúnta faoi bhláth agus cuimseoidh mic léinn idirnáisiúnta 1/5 de líon iomlán na mac léinn ar an laghad

Beimid inbhuanaitheach agus solúbtha ó thaobh an airgeadais de i dtimpeallacht atá ag athrú le gur féidir linn ár spriocanna straitéiseacha a chistiú

Beimid mar cheann de na hollscoileanna is solúbtha ó thaobh riachtanais a páirtithe leasmhara a chomhlíonadh de

Beimid inár ollscoil nua-aimseartha sholúbtha atá nasctha le teicneolaíochtaí, a chabhraíonn le foghlaimoirí i ndomhan ardteicneolaíochta

## Garspriocanna 2023

Déanfar samhail oiriúnach a chur i bhfeidhm chun córas praiticiúil ollscoile atá oscailte don nuálaíocht agus timpeallacht atá oscailte don eolaíocht a bhunú, mar a leagtar amach sa 'Chreat Náisiúnta um Aistrí chuig Timpeallacht Taighde Oscailte'

Déanfaimid straitéis rannpháirtíochta chomhtháite a sheachadadh a mhéadaíonn gníomhaíochtaí comhoibritheacha le comhpháirtithe tionscail 7 pobail 20%

Déanfar feachtas brandála a fhorbairt agus cuirfear i bhfeidhm é ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus idirnáisiúnta


Déanfar plean mionsonraithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun príomhchomhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhás i 3 réigiún ar fud an domhain ar a laghad

Cuimseoidh mic léinn idirnáisiúnta 15% de líon iontrála iomlán na mac léinn

Déanfar éagsúlacht ar ár n-ioncam, ionas go mbeidh ar a laghad 1/6 den ioncam ag teacht ó fhoinsí neamh-státhchiste agus déanfar measúnú iomlán airgeadais a chur i gcrích againn chun foinsí éifeachtúlachta 7 éifeachtacha poitéinsiúla a aithint

Déanfar dearadh eagraíochtúil nua a sheachadadh, ag cuimsiú struchtúr ollscoile comhtháite agus arna tacú ag próisis 7 córais shoiléire sholúbtha agus ag clár cumarsáide láidir

Beidh córais ghnó chomhtháite i bhfeidhm ar fud na hollscoile



# Féidearthachtaí as Cuimse

[www.tudublin.ie](http://www.tudublin.ie)